
## Feidhmíocht Ghinearálta

I rith 2007 lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag forbairt go rathúil buíochas le líon paisinéirí agus brabúis mhéadaithe. Taifeadadh farasbarr de €5 mhilliún (2006 - €4 mhilliún) a bhí cabhraithe ag rialúcháin airgeadais láidre agus fás san ioncam go €200 milliún (2006 - €189 milliún).

Bhí cabhlach de beagnach 1,200 bus thar 193 bealach á fheidhmiú ag Bus Átha Cliath agus taistealaíodh os cionn 63 milliún ciliméadar i rith na bliana. B'ionann líon na bpaisinéirí i 2007 agus beagnach 148 milliún, méadú breis agus aon mhilliún ar 2006. Tógann na figiúirí seo imirce dhá mhilliún custaiméirí bus breise ó bhealaí os comhair agus comhthreomhar le bealaí an Luas agus Iarnróid san áireamh. Tá an chuideachta fós mar an soláthraí iompair is mó i gceantar Bhaile Átha Cliath le rochtain ag níos mó ná 93% den daonra ar a chuid seirbhísí agus 70% d'úsáideoirí iompair phoiblí ag roghnú an bus mar a modh iompair. Léiríonn sé seo cumas an bhus chun iompar a chur ar fáil don phobal i slí eacnamaíoch, solúbtha ar fud na cathrach.

Tugann anailís ar dháileadh iompair na bpaisinéirí fás le fios trasna roinnt ceantair gheografacha, go háirithe, ailíniúcháin bhealaí na Conaire Bus Cáilíochta (QBC) le ceantair cosúil le Sord, Fionnghlas agus Mullach Íde ag léiriú méadú sa bhreis ar 8% sa líon a iompraíodh isteach go Baile Átha Cliath i rith buaic-thréimhse na maidine. Chonacthas méadú mór i líon na gcustaiméirí chomh maith toisc críochnú na QBC Chluain Dolcáin Theas, go háirithe iad siúd atá ag úsáid Bealach 151, le 33,000 custaiméirí in aghaidh na seachtaine ag úsáid na seirbhíse seo anois.




Faigheann Bus Átha Cliath, cosúil le gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO), do sholáthar na seirbhísí neamh-thráchtála óna úinéir. Le haghaidh 2007, tháinig an líon seo chuig €80.1 milliún, a sheas do 28% dá chuid costais fheidhmíochta. Is ionann é seo agus ceann de na leibhéil fóirdheontais is ísle a tugtar do chuideachta iompair bhus Eorpach.

Tá Bus Átha Cliath tar éis comhairle a fháil ón Roinn Iompair go bhfuil an leibhéal PSO do 2008 srianta, rud a chiallaíonn go bhfuil easnamh de €6.4 milliún ann sa mhaoiniú don bhliain atá le teacht, lena n-áirítear maoiniú an €3 mhilliún atá ag teastáil d'fheidhmiú na 100 bus breise nua le hurláir ísle atá inrochtana do chathaoir rothaí. Bhí díospóireachtaí faoi impleachtaí an easnaimh mhaoinithe ar súil leis an Aire Iompair agus a chuid oifigigh siúd.

Comhaontaíodh Meabhrán Comhthuisceana faoi spriocanna feidhmíochta agus leibhéil seirbhíse do 2007 idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. Bhí leibhéal an PSO ag brath ar chomhlíonadh na spriocanna agus i rith na bliana, bhain Bus Átha Cliath na spriocanna seo go léir amach agus i mórán cásanna chuathas thar na spriocanna a bhí leagtha amach sa Mheabhrán.

## Sábháilteacht

Is príomh thosaíocht í Sláinte agus Sábháilteacht do Bus Átha Cliath fós agus is cuid tábhachtach í de thiomantas na cuideachta chun seirbhís iompair phoiblí iontaofa sábháilte a chur ar fáil don phobal. Áiríonn reachtaíocht nua, a bheidh ag teacht i bhfeidhm i rith 2008, riachtanach le haghaidh Teastais na hInniúlachta Gairmiúla agus déanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aid seo a eisiúint. Beidh an deimhniú éigeantach do bhaill foirne Bus Átha Cliath go léir atá bainteach le tiomáint na mbusanna.

Bronnadh teastais dámhachtana tiomána sábháilte do níos mó ná 1,900 tiománaí i 2007. Is féidir na timpistí agus éilimh a fuarthas a chur i gcomparáid le blianta roimhe, in ainneoin na fírice gur tháinig méadú mór ar earcaíocht na dtiománaithe nua sa bhliain. Is í is cúis leis an rath agus rátaí tionóisce/éilimh a choinneáil mar atá ná forfheidhmiú chlár teagaisc agus monatóireachta tiomána cuimsithí. Leanann láithreacht na gcóras CCTV ardchaighdeáin ar bhusanna ag soláthar cúnaimh fíorluachmhar nuair atáthar ag déanamh fiosrú ar thionóiscí.

## Brú Tráchta

Léirigh tuarascáil a rinne comhairleoirí BDO Simpson Xavier i 2006 gurb ionann brú tráchta agus costas €60 milliún in aghaidh na bliana don chuideachta. Comhaontaíodh clár tosaíochtaí bus dhá bhliain an-suntasach le hoifig Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath/Líonra Bus Cáilíochta (QBN) chun tosaíochtaí bus tábhachtacha a chur i bhfeidhm a rachaidh chun leasa raon leathan seirbhísí.

Beidh seachadadh an iompair phoiblí feabhsaithe i mBaile Átha Cliath thar na céad cúig bliana atá le teacht ag brath go mór ar fheabhsú na seirbhíse bus agus is féidir é seo a bhaint amach trí mheán minicíocht agus luas feabhsaithe. Is féidir rath na QBCanna a fheiceáil ar fud na cathrach le conairí áirithe ag léiriú fás suntasach i líon na gcustaiméirí agus luasanna feabhsaithe le haistriú modhúil mór ó ghluaisteáin go bus.

Mar sin féin, tá bhrú tráchta dian agus guagach fós mar fhadhb mhór do Bus Átha Cliath i gceantair éagsúla, go háirithe trí chroílár na cathrach idir Faiche Stiabhna/Sráid Camden agus Cearnóg Parnell. Cuireann brú tráchta sa cheantar seo isteach ar sheirbhísí ar fud na cathrach ar fad agus is dúshlán ollmhór é seirbhís iontaofa a chur ar fáil sna ceantair seo. Le blianta beaga anuas, níor fhorbair luasanna bus an líonra foriomlán toisc an staid atá ag dul in olcas le luasanna ag dul chomh íseal le 5kph trí chroílár na cathrach.

## Gréasán Forbartha

I rith 2006 d'ullmhaigh comhairleoirí MVA Athbhreithniú Líonra den mhargadh bus i mBaile Átha Cliath agus d'áirigh sé comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí a chlúdaigh sonraí feidhmíochta na mbealaí, anailís na n-amanna turais, lódálacha agus pleananna forbartha. Is í an phríomh-theachtaireacht ó gach snáithe den anailís ná go bhfuil fíor easpa cumais acmhainneachta ar mhórán chodanna den líonra agus go bhfuil tuilleadh tosaíochta de dhíth.

Ag teacht chun cinn ó thabhairt isteach na mbusanna nua breise, rinneadh roinnt feabhsuithe seirbhíse don líonra bus go háirithe sna ceantair forbartha de Bhaile Uí Chuilinn, Mullach Íde, Sord, Fionnghlas, Baile Bhlainséir, Baile Munna agus Tamhlacht. Deartar na forbairtí seirbhíse mórthimpeall ar choincheapa athbhreithnithe líonra de chuid an ródaithe dírigh, minicíocht láidir an lá ar fad agus feidhmíocht tras-chathrach.

Toisc leathnú leanúnach an líonra agus cabhlach nua, tá garáiste nua beartaithe do Chaisleán na Gráinsí, Cluain Dolcáin. Comhaontaíodh téarmaí anois le haghaidh ceannachán an tsuímh. Beidh forbairt suntasach eile mar an críochfort nua beartaithe do Shráid na Trá i gcroílár Bhaile Átha Cliath.

## Margaíocht/Díolachán

Déanann Bus Átha Cliath a dhícheall i gcónaí raon is fearr d'earraí agus ticéid is féidir a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. I rith na bliana bhí an chuideachta solúbtha agus freagrach i leith an chomhshaoil athraitheach agus i leith éileamh ón phobal taistil. Rinneadh dul chun cinn mór ar fheabhsú soláthair agus cruinneas na faisnéise a tugtar dár bpaisinéirí. Fuair ár suíomh gréasáin os cionn 4.5 milliún amais i 2007. Ina theannta seo tá ár gcóras BUSTXT fós an-coitianta le níos mó ná 1.4 milliún duine a bhíonn á úsáid sa bhliain.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta don dul chun cinn i dtreo ticéadú comhtháite agus is féidir le custaiméirí raon ticéid Bus/Iarnróid/Luas a úsáid anois. Cuireann an chuideachta fáilte roimh bunú Boird an Tionscadail um Thicéadú Comhtháite agus táthar tar éis uasghrádú an trealaimh ar ár mbusanna a chur i gcrích, cumasóidh sé seo úsáid na gcártaí cliste agus, i ndiaidh a chéile, córas ticéadaithe lán-chomhtháite. Tabharfar isteach cárta cliste indiúscartha de chuid Bus Átha Cliath i rith samhradh 2008.

Forbraíodh pacáiste cuimsitheach na mbeart chun íomhá branda Bus Átha Cliath a athshuí. Ina measc seo tá:

- feachtas teilifíse nua atá bunaithe ar an téama 'nascann Bus Átha Cliath mise le mo Bhaile Átha Cliath';
- treoirlínte branda nua á bhforbairt chun a chinntiú go bhfuil íomhá agus meon comónta le fáil dár gcustaiméirí ónár n-ábhar clóite go léir; agus
- déanfar athdhearadh ar eolas ar na sráideanna d'fhonn simplíocht, soiléireacht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach.

## Rochtain Iompair do Chách

Tá Bus Átha Cliath tiomanta d'fheabhas a chur ar inrochtaineacht agus beidh urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí sna busanna nua go léir a gceannaítear le haghaidh bealaí na cathrach. I láthair na huaire tá urlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí ag níos mó ná 70% den chabhlach.

In Aibreán 2007 seoladh an Scéim Chúnaimh Taistil saor in aisce. Is í aidhm na scéime seo ná úsáid neamhspleách an iompair phoiblí a chur chun cinn i measc na ndaoine siúd a bhfuil lagaithe soghluaiste nó céadfach acu. Tá glacadh an-spreagúil na scéime tar éis tarlú i measc raon míchumais. Tá an tionscnamh rathúil mar chuid den phlean "Transport Access for All".

## Comhshaol Glas

Chumasaigh an feabhsú suntasach i bpróifíl an chabhlaigh de chuid Bus Átha Cliath, toisc beartas na hinfheistíochta leanúnaí, do laghdú mór sna hastuithe le blianta beaga anuas. Leanfaidh treocht na n-astuithe feabhsaithe seo uirthi de réir mar a dhéanann feithiclí leis an teicneolaíocht is nuaí ionadú ar fheithiclí níos sine. Tá an chuideachta de shíor ag dul sa tóir ar pholasaithe a chloíonn le caighdeáin astuithe na hEorpa, ar nós astuithe Euro 4, a chuireann srian ar leibhéil na dtruailleán éagsúla ar nós Aonoscaíd Charbóin, Hidreacarbóin, Ocsaídí Nítriúla agus Cáithníneacha.

Tá feithiclí hibride ag forbairt na teicneolaíochta sa tionscal iompair ina bhfuil an cumas acmhainneachta acu ranníocaíocht suntasach a dhéanamh i leith astuithe a laghdú. Tá ordú déanta ag Bus Átha Cliath le haghaidh bus hibride dhá urlár d'fhonn a chuid éifeachtachta a thástáil agus tá sé le bheith seachadta i lár 2008.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta dá n-astuithe a laghdú trí mheán coinneáil suas le teicneolaíochtaí nua i réimsí na mbithbhreoslaí agus na línte tiomána eile araon agus bogfaidh sé i dtreo réitigh atá níos ísle i leith carbóin, chomh tapa agus a ligfidh saincheisteanna tráchtála, loighciúla agus teicniúla.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Tá infheistíocht chaipitiúil ag an gcuideachta agus an Rialtas fós dírithe ar líon na mbusanna i gceantar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú, a nuachóiriú agus a mhéadú. I rith na bliana rinne an chuideachta infheistíocht i roinnt réimsí:

- tabhairt isteach céimnithe an 100 bus dhá urlár nua le hurlár íseal atá inrochtana do chathaoir rothaí faoin gclár Iompar 21;
- tabhairt isteach céimnithe an 100 bus athchurtha, as a bhfuil 50 dóibh ina bhusanna trí-acastóir le cumas iompraíochta paisinéirí a bhfuil 25% níos mó ná gnáth bhusanna;
- mar chuid dá chlár ionadaithe cabhlaigh, rinneadh ordú le haghaidh 50 bus dhá urlár eile le hurlár íseal.

## Seirbhísí Speisialta

I rith 2007, bhí Bus Átha Cliath bainteach i bpleanáil, i mbainistíocht agus in eagrú iompair na mílte chustaiméirí chuig mórán imeachtaí móra.

Chuir Bus Átha Cliath raon seirbhísí agus áiseanna Páirceála agus Taistil ar fáil d'imeachtaí ceolchoirme ar nós Slane, Oxegen, Marley Park, Páirc an Fhionnuisce agus Caisleán Mhullach Íde, ag tairiscint modh iompair mhinic agus áisiúil do na mílte daoine a théann chuig ceolchoirmeacha.

B'ionann an t-ioncam iomlán de na Turais do 2007 agus €6.5 milliún i gcomparáid le €6.0 milliún i 2006, méadú 8%. Baineadh an fás seo amach le cúnamh ó lár-chóras nua-fhorbartha na n-áirithintí le haghaidh turais lae agus suíomh gréasáin fámaireachta nua www.dublinsightseeing.ie a chuaigh beo i Meitheamh 2007 agus atá an-rathúil.

## Clár Tacaíochta Comhphobail

Ina cheathrú bhliain anois, bunaíodh an Clár Tacaíochta Comphobail (CSP) chun cabhrú le grúpaí agus eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, nach dtugtar aitheantas dá gcuid oibre de ghnáth lasmuigh de na daoine lena gcabhraíonn siad. Ónar tosaíodh é i 2004, bhain níos mó ná 900 grúpa, ó chomhphobail ar fud Bhaile Átha Cliath, leasa as deontais a bronnadh faoin gclár. Mar an soláthraí iompair poiblí is mó i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá ról ríthábhachtach ag Bus Átha Cliath sna comhphobail éagsúla a chruthaíonn ár mbonn custaiméirí agus is slí iad cláir éagsúla corparáide agus freagracht sóisialta chun naisc a dhéanamh leis na comhphobail ar a fhreastalaímid. Cuireann an chuideachta meas ar sheirbhísí bus chun cinn go gníomhach trí mheán oibriú le ceannairí an phobail agus na Gardaí mar bheart coisctheach d'fhonn iompar frith aimhleasta a laghdú.

## 1. GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2007** | 2006 | **2007** | 2006 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Ioncam | **184,211** | 174,390 | **16,153** | 14,882 |
| Costais | **(266,180)** | (246,676) | **(9,438)** | (10,183) |
| (Easnamh)/barrachas oibríochta | **(81,969)** | (72,286) | **6,715** | 4,699 |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **80,078** | 69,845 | **—** | — |
| Rannaíocaíocht ón mháthairchuideachta | **—** | 2,000 | **—** | — |
| Glan (easnamh)/bharrachas | **(1,891)** | (441) | **6,715** | 4,699 |

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2007** | 2006 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **169,618** | 151,298 |
| Costais leasa shóisialaigh | **15,321** | 13,884 |
| Costais pinsin eile | **8,665** | 6,763 |
| Caipitealú ar obair féin | **—** | (78) |
| **Costais iomlán foirne** | **193,604** | 171,867 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **62** | 67 |
| - do sheirbhísí eile | **67** | 54 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **129** | 121 |
| **Iomlán an phárolla agus costais ghaolmhara** | **193,733** | 171,988 |

| | An Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2007** | 2006 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,650** | 3,453 |

## 15. RÉITEACH GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2007 | | | | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Scairchaipiteal Glaoite €000 | Cúlchiste Athsholáthar Sócmhainn €000 | Cuntas Brábús agus Caillteanas €000 | Iomlán Cistí Scairshealbhóirí Cothromais €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 31,743 | 21,030 | (6,109) | 46,664 | 42,406 |
| Aistriú cúlchiste | — | (21,030) | 21,030 | — | — |
| Barrachas don Bhliain | — | — | 4,824 | 4,824 | 4,258 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | 31,743 | — | 19,745 | 51,488 | 46,664 |

## 16. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2007 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus rannaíocaíocht ón mháthairchuideachta | (77,707) | (69,326) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(nóta 6)* | 80,078 | 69,845 |
| Rannaíocaíocht ón mháthairchuideachta | — | 2,000 |
| | 2,371 | 2,519 |
| Dímheas | 30,267 | 27,175 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | (13,404) | (11,370) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | (1,444) | (1,879) |
| (Méadú)/laghdú i stoic | (401) | 788 |
| Méadú i bhféichiúnaithe | (2,496) | (1,758) |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | 4,658 | 10,338 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 19,551 | 25,813 |

